C/2023/237

10.10.2023

Fógra le haghaidh na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a bheidh faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle, arna leasú ag Cinneadh (CBES) 2023/[*uimhir*] ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle, arna leasú ag Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/[*uimhir*] ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua

(C/2023/237)

Tugtar an fhaisnéis seo a leanas ar aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/2127 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle ([3]), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2125 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

Tar éis do Chomhairle an Aontais Eorpaigh athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí ainmnithe, tá cinneadh déanta aici gur cheart na daoine a ndéantar trácht orthu sna hIarscríbhinní thuasluaite a áireamh i gcónaí ar liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2019/1720 ón gComhairle agus i Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle.

Tugtar ar aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1716 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/[*uimhir*] ón gComhairle, a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua, chun údarú a fháil cistí reoite a úsáid chun bunriachtanais nó íocaíochtaí sonracha a chumhdach.

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar na liostaí thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, roimh an 3 Meitheamh 2024, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

r-phost: sanctions@consilium.europa.eu

Cuirfear aon bharúlacha a gheofar san áireamh chun críche athbhreithniú tréimhsiúil na Comhairle, i gcomhréir le hAirteagal 9 de Chinneadh (CBES) 2019/1720, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2023/xxx ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i Nicearagua.

Tugtar ar aird na ndaoine, a n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, sa cheathrú agus sa séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L 262, 15.10.2019, lgh. 58.
([2]) IO L, 2023/2127, 10.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/2127/oj
([3]) IO L 262, 15.10.2019, lgh. 1.
([4]) IO L, 2023/2125, 10.10.2023, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2125/oj